



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eolaíocht Talmhaíochta

Ardleibhéal

Réamhrá

Pointí Ginearálta

- Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh.
- Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime.
- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá faisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.
- Má dheimhníonn an Scrúdaitheoir gur thug iarrthóir freagra bailí, agus gan aon soláthar déanta sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don Scrúdaitheoir, ar an gcéad dul síos, dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Comhairleach sula mbronntar marcanna. Go ginearálta, má bhíonn aon amhras ar an Scrúdaitheoir an bhfuil freagra ceart, ní mór dó/di dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoir Comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Maidir leis an méid mionsonraí is gá a thabhairt i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs, na frásaí a úsáidtear agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé go mbeadh athrú air seo ó bhliain go bliain.
- Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladus (/) eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe áirithe. Is malairt focal nó nath arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, áfach, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus nach féidir iad a bhréagnú agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.
- Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó comhdhúil. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna arb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléirítear é seo laistigh den scéim.

Freagraí ar Ceal

- Má chuirtear an t-aon fhreagra a thugtar ar ceal, déan neamhaird den chealú agus marcáil amhail is gnách.
- Má dhéantar freagra a chealú agus an dara leagan ar an bhfreagra a thabhairt, ba cheart glacadh leis an gcealú agus marcanna a bhronnadh air, sa chás go dtuilltear amhlaidh, don leagan neamhchealaithe amháin.
- Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, marcáil an dá leagan agus glac leis an bhfreagra a thuilleann an méid is mó marcanna. Ní féidir leat, áfach, pointí ón dá leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

Gnáthnósanna

- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra sa scéim mharcála anonn ón bhfreagra ar thaobh na láimhe deise.
 - Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra mar seo mar shampla: 3 x 4 mharc. Ciallaíonn seo go bhfuil trí chuid sa fhreagra, agus tugtar 4 mharc do gach cuid.
 - Bronn marcanna aonaid ar leithligh, e.g. má ghabhann 3(3) mharc le freagra, scríobh: 3
3
3
- sa chéad cholún san imeall ar thaobh na láimhe deise.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; e.g. d'fhéadfadh trí pháirt baint le ceist – (i), (ii), (iii) agus tugtar iomlán de 12 mharc don cheist. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála:
6 mharc + 3 mharc + 3 mharc. Ciallaíonn seo go mbronntar 6 mharc ar aon chéad fhreagra ceart agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra ceart ina ndiaidh sin.
 - Bíonn lúibíní cearnógacha/*cló iodálach* in úsáid nuair atá aird an Scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.
 - Ba cheart marc iomlán gach ceiste a scríobh in aice uimhir na ceiste agus ciorcal a tharraingt timpeall air.
 - Ba cheart an t-iomlán carnach a scríobh i gcúinne íochtarach deas gach leathanaigh ar a mbíonn iomlán ceiste le sonrú.
 - Ní mór an uile leathanach bán a mharcáil lena chur in iúl go ndearnadh iniúchadh orthu.

Eolaíocht Talmhaíochta Ardleibhéal 2011 SCÉIM MHARCÁLA

C.1 Na 6 chuid is fearr ó (a)-(j)	(a)		Rosaceae – bláthanna móra/codanna cúig rannacha/*feithidphailnithe/e.g. rós/úll etc. (ceadaigh léaráidí lipéadaithe don dá cheann) Crucifereae – codanna ceathair-rannacha/croschruthach/ *feithidphailnithe/cabáiste, cáil, síol ola ráib etc. *ceadaigh aon phointe amháin	2(3 + 2)
	(b)	(i) (ii)	Bailscóráil = cóimheas feola trua i gcoinne saille ar chorp ainmhí Le linn breith lao 2.5-3, le linn seirbheála 2-3	4 3 + 3
	(c)		Gníomhach = déanann an cholainn antasubstaintí i gcoinne antaigine áirithe/trí theagmháil e.g víreas/baictéar/teagmháil le vacsaín/tástáil eitinne. Fulangach = faightear an imdhíonacht ó áit eile/e.g. gruth buí/nó trasna na placainte.	2(3 + 2)
	(d)		Cuiteoga; aol a chur leis/pH oiriúnach/ábhar orgánach a chur leis/talamh fhliuch a dhraenáil/an ithir a aerú (trí shaothrú)	8 +1+1
	(e)		Péacadh; síol deimhnithe a úsáid/dálaí teo/ceapach síl mhaith/taise/ Bunú; gan an síol a chur ródhomain/srianadh lotnaidí/srianadh salachair/leasachán a úsáid/uainíocht na mbarr	8 +1+1 aon phointe amháin ar a laghad as gach ceann
	(f)		Monaisiúicríd: glúcós (nó monaisiúicríd ainmnithe) Polaisiúicríd: stáirse/ceallalós Carbón, Hidrigin, Ocsaigin (C, H, O)	4 + 3 + (3 x 1)
	(g)	(i)	Platyhelminthes: leith uisce/péist ribíneach Arthropoda: sceartáin, míolta, péarsla	2 + 2
		(ii)	Platyhelminthes: lot ae/ní fhástar go maith Arthropoda: ionfhabhtú/itear feoil/greannú (ní mór go meaitseálann an galar an sampla ainmnithe), glac le galar ‘redwater’ (nó ‘baibéasóis’) i dtaobh an sceartáin.	3 + 3
	(h)	(i)	Siombóis; glac le sainmhíniú bitheolaíochta/2 orgánach a mhaireann le chéile, baineann siad tairbhe as maireachtáil le chéile	4
		(ii)	Samplaí; Rhizobium (nó baictéir fosaithe nítrigine) i seamair/éin a itheann míolta agus sceartáin ar eallach/miocróib sa chogansach/aon sampla de sheadán	3 + 3
	(i)		Cuir aigéad leis an sampla/bolgáin/CO ₂ /tástáil le haghaidh CO ₂ /carbónáití a léiriú	4 +3+3
	(j)		Stólan; gas cothrománach os cionn na talún/le bachlóga le haghaidh plandaí nua E.g. sútha talún/seamair/fearbán féir etc. Riosóm; gas modhnaithe faoi thalamh/taisce bia/is féidir le píosaí le bachlóga athghiniúint, E.g. broimfhéar/feileastram/etc.	2(3 + 2)

C.2	(a)	(i)	Ainm: cruachiseal céachta/cruachiseal iarainn/balcadh (cruachiseal)	4
		(ii)	Foirmithe: treabhadh leanúnach curaíochta ag an doimhneacht chéanna/ ocsaíd iarainn arna sruthlú anuas /láisteadh ó léaslíne A go léaslíne B úsáid á baint as innealra trom/gan boinn le brú íseal talún a úsáid	4
		(iii)	Fadhb: ciseal crua/neamhthréscailteach/drochdhraenáil/drochfhás/drochphéacadh/treá fréimhe a shrianadh.	4
		(iv)	Cén chaoi a bhféadfaí fáil réidh leis: domhaintreabhadh/gan treabhadh a dhéanamh ag an doimhneacht chéanna i mblianta leanúnacha/treabhadh fo-ithreach/réabadh/céachta foraoiseachta	4
	(b)	(i)	Gléireadh; báisteach ard/limistéar íseal/leathbháite/imoibríonn an t-aigéad ar an iarann/gníomhú íseal baictéarach/díscaoileadh íseal-leibhéil. Cnuasaíonn móin ar bharr/breacadh stríocán i léaslíne B/dath gormliath nó liath ar an bhfo-ithir.	4 4
		(ii)	Seiceáil an bhfuil éagsúlacht dathanna sa pháirc/seanfhála etc./patrún w-chruthach agus bailiúchán á dhéanamh/na cinn tíre/geataí/faoi chrainn/limistéir cois le bealaí uisce a sheachaint/bailigh idir 7.5 cm agus 15 cm ón mbarr/sampláil leantach/stair pháirce/topagrafaíocht	4 +2+2
	(c)		Cuir sampla den ithir i bhfleascán/cuir uisce driogtha leis/croith/scag/bailigh an scagáit/cuir tuaslagán défheiniolaimín leis/deascán gorm (má tá N ann) NÓ le haghaidh an dá phointe deiridh/cuir sulfáit iarainn leis/cuir aigéad sulfarach leis/fáinne donn arna fhoirmiú/glac le tagairt do chairt dathanna	4 x 4

C.3			ROGHA 1	
	(a)		Innilt shamhraidh (buailteachas); baintear úsáid as an bhféarach ar fad le bailchríoch a chur ar eallach/ní shábháiltear aon fhéar tirim ná sadhلاس/níl mórán saothair ag teastáil/níl aon ghá le tithíocht eallaigh/níl aon, nó gan ach beagán beatha thacúil ag teastáil/costas íseal (ná tabhair ach aon phointe amháin ar chomparáid idir chostais). Ramhrú geimhridh; déantar sadhلاس as an gcuid is mó den fhéar/tithíocht eallaigh ag teastáil/beathú de dhíth/baineann a lán saothair leis (pointe amháin ar a laghad ag dul le gach ceann)	4 x 4
	(b)		Bodóga athsholáthair: fiacلا/cosa maithe/úth 4 shine/torthúlacht/ardtoradh bainne/cruth maith/mar shliocht ó tharbh maith EBI/arna rugadh de mháthair mhaith thorthúil/bó mhaith bhainne/socair/saor ó ghalar (nó sláintiúil)/bailscór ceart/pór déiríochta nó pór ainmnithe	4 x 4
	(c)	(i)	ECB; cé chomh héifeachtúil a chomhshóitear bia atá ídithe ag ainmhí go méadú meáchain/bia a chomhshó go feoil/is féidir é a léiriú mar chóimheas e.g. muca – 1.75-3.25:1 eallach/caoirigh – 8:1, éanlaith chlóis – 2:1 (glac leis an gcéad uimhir)	4 + 4
		(ii)	Forbraíonn fíochán colainne san ord/néaróg-cnámh-matán-saill/tagann méadú ar leitheadú saille le dul in aois/e.g. 24 mí in eallach/ag brath ar an bpór atá ann/dá óige an t-ainmhí is lú an méid saille a leitheadaíonn sé agus níos mó feola/níos lú saille táirgthe go héifeachtach	4
		(iii)	An ECB a fheabhsú; athrú go haiste bia d'ardchaighdeán/níos mó beathaí tacúla/níos lú gairbhí/ainmhithe nua a cheannach/pórú/cosc galar/tithíocht/ardteocht le haghaidh muc	4
C.3			ROGHA 2	
	(a)		Bainistíocht féaraigh; speiceas seagalaí nó seimre d'ardchaighdeán a úsáid/leasachán a dhéanamh/dún ar feadh 6 seachtaine ar a laghad/gearr ag tréimhse dhuilleach/athshioladh go minic/fiailí a bhaint/aol a scaipeadh/draenáil a dhéanamh/córas féaraigh ainmnithe	6+4+3+3
	(b)	(i) (ii)	Gruth buí; /athruithe stéige tar éis 24 uair/ionsúitear antasubstaintí Cothaitheach/buarannach/tús maith sa saol/antasubstaintí/imdhíonacht/téamh/sodhíleáite	2 8 + 3 + 3
	(c)	(i) (ii)	Stialliníor; fál leictreach inaistrithe/curtha ar aghaidh gach lá/fál ar chúl/soláthar uisce inaistrithe Buntáistí; saor/féar úr gach lá/úsáid níos fearr a bhaint as an mbarr/seachnaítear damáiste de bharr seaca/L.W.G níos fearr Míbhuntáistí; déantar damáiste don ithirstruchtúr/truailliú/cruthaítear salachar/teastaíonn painéal coimeádta le haghaidh ainmhithe/crúibíneach/déanann clocha damáiste d'fhiacla/tá go leor saothair ag baint leis	3 + 1 4 + 2 4 + 2

C.4	(a)		Tóg 2 nó níos mó cineálacha éagsúla prátaí nó prátaí ainmnithe éagsúla/gearr i bpiosaí beaga iad/meáigh na breogáin/meáigh na samplaí de phrátaí fliucha sna breogáin/cuir in oigheann triomaithe iad/@ 100 céim/fág ann iad/meáigh arís ó am go chéile iad/nuair nach bhfuil cailteanas meáchain ag tarlú a thuilleadh/ríomh % d'ábhar tirim/meáchan nua roinnte ar an seanmheáchan x 100 = % a.t.	2(6 x 4)
	(b)		Cuir i bpromhadáin steiriúla/cuir 1 ml de thuaslagán reasasúirine (gorm meitiléine) ann/cuir stopallán ann/croith/gor/@ 37 céim/ar feadh 10 nóim./déan athrú an datha a nótaíl/raon gorm (an caighdeán is fearr)/bándearg (ar bheagán caighdeán)/bán (an caighdeán is measa) NÓ dhá phláta steiriúla agair/ceann amháin inaclaithle le bainne/ag baint úsáide as lúb steiriúil/cóimheastóir/séalaigh/gor/fág aisiompaithe/ag 37 céim/24 uair nó níos faide/toradh – coilíneachtaí ar cheann amháin, dada ar an gcóimheastóir.	
	(c)		Faigh 2 shoitheach oiriúnacha/cuir ithir agus uisce i ngach ceann/an méid céanna i ngach ceann/cuir aol nó focasach ceart i gceann amháin/croith an dá cheann/lig dóibh síothlú/fanann an cóimheastóir láibeach/síothlaíonn an ceann a bhfuil aol ann go tapa/gruthú taispeánta.	
	(d)		Cuir teorainn ar an limistéar/le cás nó lena mhacasamhail de rud/leis an mbáisteach agus le solas a ligean isteach/stoc a choinneáil amuigh/déan an chuid eile den pháirc a iníor mar is gnách/breathnaigh air thar thréimhse/déan comhdhéanamh laistigh agus lasmuigh den sreang a nótaíl/bain úsáid as traschrios líneach/cuadraí/roinnt uaireanta/go randamach/bain úsáid as treoir aitheantais/bíonn an rath ar na fiailí laistigh (conclúid cheart)	
C.5	(a)	(i)	Ainéime	4
		(ii)	Móilín haemaglóibine/tá iarann ag lárionad haemghrúpa/iompraíonn sé ocsaigin	4
		(iii)	Aiste chothromaithe bia (iarann mar chuid di)/insteall/mar chuid de bheatha (muca agus éanlaith chlóis)/instealltaí deastróis iarainn do mhuca/rochtain ar ithir ag muca/líreacáin a thabhairt d'ainmhithe atá ar fhéar (duilleoga)	4
	(b)	(i)	A= seipteam, B= méadailín deas	8 x 4
		(ii)	C= comhla dhéchuspach, D= Vena cava,	
		(iii)	X= corp (nó páirt ainmnithe), Y= scamhóga, Fuil in X= ocsahaemaglóibín/geal/ocsaiginithe Y= dí-ocsahaemaglóibín/dorcha/dí-ocsaiginithe	
	(c)		Haemaglóibín san fhual/pléascann cill nó fuilchill dhearg/fuil san fhual	4

C.6	(a)		Tá an barr tuartha (buí)/síol (grán) crua/cluas cromtha comhthreomhar leis an ngas/duilleoga (bratach) ar barr marbh/titeann an grán go héasca/% íseal taisle (thart ar 15 nó níos ísle) nó tirim	4 x 4																								
	(b)	(i)	Cineál ithreach; eorna bhraiche = dúrabhán éadrom (meánach)(gainmheach) (níos lú coinneála taisligh) nó podsál liathdhonn/Eorna bheathúcháin = dúrabhán trom (níos mó coinneála taisligh) nó ithir dhonn	4 x (4 + 2)																								
		(ii)	Uainíocht; teastaíonn méid íseal N san ithir d'eorna bhraiche/gan féar nó barr glas eile sna blianta roimhe sin, ar an ábhar sin.																									
		(iii)	Eorna bheathúcháin; níl aon ghá le huainíocht/is féidir síolchur leanúnach a dhéanamh																									
		(iv)	Córas Leasacháin; eorna bhraiche - teastaíonn méid íseal N/le haghaidh méid ard próitéine/méid ard siúcra sa ghrán. Eorna bheathúcháin - teastaíonn méid ard N san ithir/le haghaidh méid ard próitéine sa ghrán. Úsáid deiridh; eorna bhraiche - grúdaireacht/driogadh Eorna bheathúcháin; déantús cion beatha/bia ainmhithe (dhá phointe ón gcéad 4 tosaigh + 2)																									
	(c)		Síolchóta (peireacarp)/inspeirm/cotailéadón (ceann amháin)/coiléiptíl/péacán/fréamhán/coiléirís/sraith aileoróin Léaráid = 0, 2, 4 móide 4 x 1 lipéad	4 + (4 x 1)																								
C.7	(a)	(i)	Idirphas: roimh phrópas/pas scithe roimh chilldeighiltí nó ina ndiaidh/idir méóis 1 agus méóis 2/idir pasanna miotóise (cilldeighiltí)/tugann na horgánaid chille faoi dhúbailt.	3 x 4																								
		(ii)	Haplóideach; ní bhíonn ach leath an ghnáthlín crómasóm sna cealla/cóip amháin de gach crómasóm/sraith amháin crómasóm/23 crómasóm i gcorp duine																									
		(iii)	Ionphóru; póru i measc ainmhithe gaolmhara a cheadú																									
	(b)		Géinitíopa tuismitheoirí: CcFf x CcFf nó CcFf	2 + 2																								
			<table border="1"> <tr> <td>x</td> <td>CF</td> <td>Cf</td> <td>cF</td> <td>cf</td> </tr> <tr> <td>CF</td> <td>CCFF</td> <td>CCFf</td> <td>CcFF</td> <td>CcFf</td> </tr> <tr> <td>Cf</td> <td>CCFf</td> <td>CCff</td> <td>CcFf</td> <td>Ccff</td> </tr> <tr> <td>cF</td> <td>CcFF</td> <td>CcFf</td> <td>ccFF</td> <td>ccFf</td> </tr> <tr> <td>cf</td> <td>CcFf</td> <td>Ccff</td> <td>ccFf</td> <td>ccff</td> </tr> </table>		x	CF	Cf	cF	cf	CF	CCFF	CCFf	CcFF	CcFf	Cf	CCFf	CCff	CcFf	Ccff	cF	CcFF	CcFf	ccFF	ccFf	cf	CcFf	Ccff	ccFf
x	CF	Cf	cF	cf																								
CF	CCFF	CCFf	CcFF	CcFf																								
Cf	CCFf	CCff	CcFf	Ccff																								
cF	CcFF	CcFf	ccFF	ccFf																								
cf	CcFf	Ccff	ccFf	ccff																								
		(i)	4 ghaiméit ar gach taobh	8 x 1																								
		(ii)	Clúmhach = 12/16 (nó an codán nó an % ceart)																									
		(iii)	Gearr = 4/16 Clúmhach agus gearr = 3/16 <i>Glac leis an gcéad uimhir amháin i ngach cás ina dtaispeántar 16 bhosca.</i>																									
	(c)		DD = dearg BB(dd) = bán DB(Dd) = ruánach E.g. DD x BB = DB nó DD x dd = Dd	3 x 4																								

		C.8	FREAGAIR DHÁ CHEANN AR BITH Ó (a), (b), (c)	(24, 24)
C.8	(a)		Seachtain amháin roimh dháta cráinbheirthe/thart ar lá 108/nigh an chráin/na míolta a bhaint di/tabhair dáileog di/in aghaidh inseadán (péisteanna)/vacsaínigh an chráin/in aghaidh ruachtaí/glan amach an pionna breith cránach/cuir an chráin i gcliathbhosca breithe/le dóthain bia nó uisce/teocht 20 céim	6 x 4
C.8	(b)	(i)	EBO (BOD): Éileamh bitheolaíoch (bithcheimiceach) ar ocsaigin/é tomhas ar an méid ocsaigine a theastaíonn ó lítear amháin truailleáin/úsáideann baictéir ocsaigin agus iad i mbun truailleán a bhriseadh síos	4
		(ii)	Bainne/sciodar (aoileach)/easilteach sadhlais/uisce clóis (umair) salach	4
		(iii)	Úsáideann baictéir ocsaigin/díscaoileadh/titeann leibhéil ocsaigine/faigheann éisc bás/dí-ocsaiginiú/eotrófú/blás algach/tocsaineacht	2 x 4
		(iv)	Straitéisí; cinntigh go dtéann dramhaíl déiríochta isteach in umar iata uiscédhíonach/bailigh glantaí déiríochta in umar a bhfuil dóthain spáis ann:/cinntigh nach sileann sciodar ar thalamh nó ó thalamh/ó limistéar coincríte de bharr báistí/ba cheart go dtitfeadh an limistéar síos le fána i dtreo lár an chlóis agus an tsumpa/ná cuir sciodar ar ithreacha fliucha/reoite/nuair atáthar ag súil le báisteach/ba cheart dóthain spáis a bheith san umar le haghaidh an sciodair/sadhlas a shleabhadh/easilteach a laghdú/an t-easilteach a bhailiú in umar ón gclais/é a scaipeadh ar thalamh nuair a bhíonn an aimsir oiriúnach ann.	2 x 4
C.8	(c) Trí cinn ar bith idir (i) agus (iv)	(i)	Aimínaigéid riachtanacha; ní mór iad a bheith i gcothú an ainmhí/ní féidir leis an ainmhí iad a dhéanamh leo féin/ní bhíonn siad ag teastáil ó athchogantaigh, is féidir leo iad a dhéanamh astu féin. Aimínaigéid neamhriachtanacha; is féidir leis an gcorp iad a dhéanamh/ó chothaithe eile/níl siad riachtanach le haghaidh fáis/ar fáil go flúirseach	4 + 4
		(ii)	Bliantóga; fásann bláthanna, síolann an planda agus faigheann sé bás in aon séasúr fáis amháin/comhlánaítear an saolré in aon bhliain amháin Débhliantóga; fásann an planda, stóráiltear cothaithe sa chéad bhliain/athfhástar sa dara bliain/fásann bláthanna, síolann an planda agus faigheann sé bás thar dhá bhliain/comhlánaítear an saolré thar dhá bhliain	4 + 4
		(iii)	Draenáil; barraíocht uisce a aistriú (nuair atá an ithir sáithithe/faoi uisce)/cuireann seo cosc ar phasáil. Uisciú; uisce a chur ar an ithir/ag amanna ina bhfuil brú ó thaobh méid na taise de/easnamh ar thaise na hithreach/triomach/coisctear triomú plandaí nó sleabhadh plandaí	4 + 4
		(iv)	Péisteanna lúbánacha; néimeatóidí/gan chosa/neamhdheighilte/cruinnphéisteanna Caoch rua; larbha/Mháirín na smeach/artrapódach/cosa/deighilte nó aon saintréithe feithide	4 + 4

C.9 4 chuid ó 5 chuid	(a)	Tig leis an gcothromóid an uile phointe a chuimsiú/riospráid anaeróbach (giostáil)/táirgeadh alcóil/táirgeadh CO ₂ /alcól agus CO ₂ a úsáidtear i ngrúdaireacht/CO ₂ a úsáidtear le harán a ardú	4(4+4+4) Aon pointe amháin ar a laghad as gach ceann
	(b)	Déantar na laonna nó sliocht a thástáil/ráta fáis/FCR/i gcomparáid/le sliocht tarbh eile/a coinníodh faoi dhálaí céanna/coinnítear taifid/sampla mór staitistiúil/is féidir brath air agus torthaí cúplála le tarbh faoi leith á réamh-mheas/níos iontaofa ná triail feidhmíochta/is féidir leis ardú ar thál bainne/saille/próitéine i mbólacht a réamh-mheas.	
	(c)	Sistéamach; ionsúnn plandaí ceimiceáin/trí stóma/aníos an xiléim/anuas an fléam (arna thrasghluaiseacht) (ná glac le córas soithíoch ach amháin in áit xiléime nó fléim)/súnn aifidí sú/ionghabhann siad ceimiceáin/srianadh fadtéarmach	
	(d)	Easpa riandúile mar gheall orthu seo a leanas: cineál mícheart ithreach/easnamh san ithir nó sa mháthaircharraig/róshaothrú/ró-aoladh/pH ró-ard/pH ró-íseal/ídiú ithreach/sampla ainmnithe, e.g. easnamh bóróin is cúis le barrlobhadh i mbiatas/uainíocht mhícheart/monashaothrú/láisteadh/talamh a tugadh chun míntíreachais	
	(e)	Chun na bainbh a mhealladh ón gcráin/ionas nach mbascfar iad/teocht ró-ard don chráin/titeann an teocht sna bainbh bheaga go héasca/teach breithe banbh 20 céim Celsius do na cránacha/a mhéad agus 30 céim sa spás lámhacáin/chun iad a mhealladh chun beathaithe	

